Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Beochan an bhéaloidis: an scannánaíocht, foirm na beochana agus an traidisiún béil
Author(s)	Woods, Jeannine
Publication Date	2016
Publication Information	Woods, Jeannine (2016) 'Beochan an bhéaloidis: an scannánaíocht, foirm na beochana agus an traidisiún béil' In: Ailbhe Ní Ghearbhuigh; Siún Ní Dhuinn(Eds.). Solas ar na dumhchannaí: Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara. Baile Átha Cliath : Leabhair Comhair.
Publisher	Leabhair Comhair
Link to publisher's version	https://comhar.ie/leabhair/solas-ar-na-dumhchannai-aisti-i-gcuimhne-ar-mhuiris-o-meara/
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6986

Downloaded 2023-09-26T02:18:28Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.

BEOCHAN AN BHÉALOIDIS: AN SCANNÁNAÍOCHT, FOIRM NA BEOCHANA AGUS AN TRAIDISIÚN BÉIL

Jeannine Woods

Ó theacht ar an bhfód dó ag tús an fichiú haois, tá ról cumhachtach á imirt ag meán na scannánaíochta i léiriú agus i múnlú na féiniúlachta. In ainneoin lárnacht an idirlín agus na meán sóisialta i bpróisis léirithe na haoise seo, tá an scannánaíocht beo i gcónaí mar cheann de na príomh-mheáin trína gcothaítear tuiscintí coitinne ar fhéiniúlachtaí agus ar ghaolta inscne, aicme, cultúrtha, náisiúnta agus eile, tuiscintí a mbíonn tionchar leathan acu ar bhonn domhanda. Is fada grúpaí agus cultúir mhionlaigh agus sochaithe iarchoilíneacha feasach ar chumas agus neart na scannánaíochta sa chomhthéacs seo agus forléargais steiréitíopacha díobh curtha chun cinn ag mórthionscail scannánúla na cruinne, Hollywood go háirithe. Ach an oiread le go leor sochaithe iarchoilíneacha eile, tá tábhacht nach beag le forbairt na scannánaíochta in Éirinn le forléargais dhúchasacha den chultúr agus den tsochaí a léiriú agus a chur chun cinn.

I gcomhthéacs fhorbairt chineama na hÉireann, is seasmhach leanúnach iad na díospóireachtaí ar na forléargais a thugtar ar shochaí, ar chultúr agus ar fhéiniúlacht na tíre ann, agus bíonn faobhar ar leith ar na díospóireachtaí sin i dtaca le léargais ar an gcultúr dúchais agus ar thraidisiúin chultúrtha, a bhíodh mar bhunús go leor íomhánna steiréitíopeacha i leith na hÉireann agus a cultúir. Smaoinítear go háirithe ar chultúr agus traidisiún an bhéaloidis sa chomhthéacs seo, ar cuireadh léirithe primitíbheacha i bhfeidhm air, bíodh sé mar sheoda ársa nasctha le cultúr a bhí ag dul in éag, nó mar léargas ar chúlaitheacht chultúr agus shochaí na hÉireann. Bhí éifeacht agus glacadh forleathan ag na contstráidí úd; fiú i measc scoláireacht chriticiúil chultúrtha, is minic neamhaird déanta den bhéaloideas mar thraidisiún coimeádach, luaite leis an am a bhí thart: mar a luann an scannánóir Bell, 'folklore has had a bad press within metropolitan critical traditions, associated as it has been with regressive

nostalgia towards a rural past and racialisation of culture' (2004: 95). Déanann a leithéid de dhearcadh faillí ar dhinimicí agus dinimiceas an chultúir bhéil; mar fhreagra air sin, feictear gur ríthábhachtach forléargas iomlánaithe a thabhairt ar an gcultúr béil agus ar an gcaidreamh beo idir é agus an saol agus féiniúlachtaí comhaimseartha.

Tá constaicí éagsúla le sárú ag an scannánóir a chuireann roimhe nó roimpi léargas criticiúil a thabhairt ar chultúr an traidisiúin bhéil, áfach. Laistigh de thionscal scannánúil an lae inniu, ní mór go mbeadh scannán mealltach do lucht féachana domhanda le gur féidir na costais a bhaineann le táirgeadh an scannáin a ghlanadh. I gcás na hÉireann, áit a bhfuil maoiniú tearc ar fáil don tionscal, is minic a bhítear ag brath ar mhaoiniú agus ionchur comhlachtaí agus boird scannáin idirnáisiúnta, agus tnútháin ag páirithe idirnáisiúnta go mbeidh glacadh agus rath idirnáisiúnta ar an scannán. Tagann buncheisteanna aníos maidir le cén chaoi ar féidir léargas substaintiúil a thabhairt ar eilimintí sainchultúrtha agus lucht féachana domhanda a mhealladh ag an am céanna? Más dúshlánach do scannánaíocht na hÉireann na tránna iomadúla sin a fhreastal, is mó na deacrachtaí roimh scannáin a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga nó mar theanga shuntasach iontu. Anuas ar an ualach trom idé-eolaíoch agus dioscúrsúil a bhíonn le hiompar ag an nGaeilge agus a cultúr, is suntasaí fós na ceisteanna maidir le sainiúlacht chultúrtha agus intuigtheacht uilíoch i dtaca le scannáin Ghaeilge. I gcás scannán Gaeilge dírithe ar thraidisiúin chultúrtha na teanga agus na tíre, bíonn ceisteanna an fhorléargais agus an aistriúcháin i lár an aonaigh. Ní mór don scannán feasacht a léiriú ar chur i láthair na teanga agus a cultúir agus dul i ngleic leis na bealaí ina ndéantar na gnéithe seo a léamh nó a aistriú ar mhaithe le lucht féachana domhanda nach bhfuil cur amach aige ar theanga ná ar chultúr na Gaeilge.

An Cultúr Béil agus an Scannánaíocht

Tá an cultúr agus an traidisiún béil mar chuid lárnach de thraidisiún coiteann cultúrtha na Gaeilge agus na hÉireann. Bhí ról ríshuntasach ag an gcultúr béil i mórchuid gnéithe de shaolta phobail choiteann na hÉireann go dtí lár an fichiú haois, agus níos déanaí ná sin i gceantair éagsúla, go háirithe sna ceantair inar mhair an Ghaeilge mar theanga phobail. Cé go bhfuil an cultúr béil – agus an teanga ina bhfuil sé fréamhaithe – creimthe mar chleachtas agus mar theanga phobail ó dheireadh an naoú haois déag, tá siad beo i gcónaí; ní hamháin go bhfeidhmíonn siad mar oidhreacht an ama atá thart ach go bhfuil ról le himirt agus á imirt acu i saol agus i gcultúr na sochaí comhaimseartha. Má léirigh gluaiseacht an Rómánsachais an cultúr béil mar ghné shoineanta de chultúr neamhathraitheach, agus má ghlac gluaiseacht náisiúnach agus Stát na hÉireann leis an léiriú sin, ag glacadh seilbhe ar an traidisiún béil le dlisteanacht a thabhairt dá stádas mar stát neamhspleách a sheas in aghaidh chultúr agus luachanna nua-aimseartha an stáit choilínigh, rinne a leithéid de léirithe faillí ar dhinimicí agus ar ilfheidhmeachas an chultúir féin.

Mar atá léirithe ag scoláirí an bhéaloidis agus eile, feidhmíonn an cultúr béil ar leibhéil iomadúla; ní hamháin mar shiamsaíocht ach mar insint agus mar mhodh tuisceana agus modh déileála le diminsin éagsúla den saol agus den taithí dhaonna. Déanann an cultúr béil léargais a thabhairt ar an ngaol idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair, ar ghaolta sóisialta, ar ghaolta idir réadúlacht ábhartha na sochaí daonna agus eilimintí neamhábhartha, neamhdhaonna den saol, agus ar ghnéithe eile nach iad. Ní hamháin go dtugann an cultúr béil léargas agus insint ar na heilimintí sin, ach mar phróiseas taibhléiritheach, feidhmíonn sé mar mheán inar féidir na gaolta sin a láithriú agus a cheistiú. Cuireann tuiscintí ar an gcultúr béil mar chleachtas taibhléiritheach in aghaidh an dearcaidh choitinn air mar chleachtas fulangach ina ndéanann an cleachtóir aithris ar an téacs mar atá sé tagtha chuige/chuici gan aon mhúnlú cruthaitheach a dhéanamh ar an téacs céanna. Má fheidhmíonn scéalta, amhráin agus cleachtais an chultúir leis an ord sóisialta agus le gaolta normalaithe

sóisialta a neartú agus a dhlisteanú i measc an phobail, tá léirithe ag scoláirí go bhfeidhmíonn an cultúr béil mar láthair inar féidir leis an taibhléiritheoir béim a chur ar eilimintí éagsúla chun ceisteanna conspóideacha a chur in iúl i leith ghaolta inscne, gaolta idir grúpaí sóisialta agus gaolta eile ina bhfuil cúrsaí cumhachta agus smachta chun cinn iontu (féach mar shampla Radner & Landser 1987; Bourke 1988; Ó Crualaoich 1999; Ó Laoire 2002).

Sa chomhthéacs sin, mar a luann Ó Crualaoich agus Ó Giolláin, tagann traidisiún béil na hÉireann le tuiscintí Gramsci ar an mbéaloideas mar:

> the collective unofficial world-view alternative to that of the state and the ruling elites of civil society … Unlike official or elite or state culture, folklore is never codified, elaborated, systematized or recast in any conscious way but instead constitutes a many-sided and even 'confused agglomerate of fragments' of all previous conceptions of the world in a juxtaposition that is at once fossilized and innovative, conservative and creative, reactionary and progressive (Ó Crualaoich agus Ó Giolláin 1988: 69).

Cuireann coincheap an bhéaloidis *á la* Gramsci ar ár súile dúinn go bhfuil mínithe agus léamhanna iomadúla ar théacsanna béaloidis, agus gurb í an oscailteacht sin, an iolarthacht sin, croílár an chultúir bhéil mar fhoirm ealaíne agus mar chleachtas soch-chultúrtha.

Is léir go bhfuil comóntachtaí áirithe idir eilimintí den chultúr béil agus an scannánaíocht. Foirmeacha inste iad araon; ag an leibhéal is bunúsaí, insíonn an dá fhoirm scéalta a chuidíonn linn ciall agus tuiscint a bhaint as an saol agus as an domhan ina mairimid. Botún a bheadh ann, áfach, glacadh leis gur próiseas díreach neodrach é téacsanna béaloidis a láithriú i bhfoirm scannánúil. Aithníonn scoláirí agus cleachtóirí criticiúla scannánaíochta an tábhacht a bhaineann leis an traidisiún béil mar chultúr na coitiantachta agus mar fhoirm radacach cuimhne agus an ról gur féidir agus gur cheart don scannánaíocht a imirt i gcosaint, i gcur chun cinn agus i dtógáil ar an traidisiún. Ina aiste iomráiteach 'Third Cinema as Guardian of Popular

Memory: Towards a Third Aesthetics', éilíonn Gabriel go seasann an béaloideas, mar chuimhne na coitiantacha, in aghaidh dioscúrsaí oifigiúla i leith na staire agus na sochaí:

> Official history tends to arrest the future by means of the past … it claims a 'centre' which continuously marginalises others …. Popular memory, on the other hand, considers the past as a political issue. It orders the past not only as a reference point but also as a theme of struggle … Popular memory … is a 'look back to the future', necessarily dissident and partisan, wedded to constant change (Gabriel 1989: 64).

De réir smaointeoireacht Gabriel, tá dialóg le brath idir an béaloideas agus an scannánaíocht chriticiúil, an dá fhoirm ag cur lena chéile ar bhonn cruthaitheach forásach. Tá na smaointe seo imithe i bhfeidhm ar roinnt scannánóirí Éireannacha agus iad ag díriú ar ábhar agus ar théamaí a eascraíonn ón gcultúr béil. Is eiseamláir den tríú cineama 'clasaiceach' é *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (Bob Quinn, 1975) ó thaobh aidhmeanna agus chur chuige de, scannán radacach ar bhonn téama agus foirme araon. Tá an scannán bunaithe ar an téacs iomráiteach béaloideasúil 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire', téacs a thrasnaíonn teorainn idir an cultúr béil agus an litríocht, idir foirmeacha cultúrtha na coitiantachta agus lucht éilít [b'fhearr fanacht le *elite* – in úsáid go coitianta] na nGael. Díríonn an scannán ar ghrúpa aisteoirí Gaeltachta páirteach i ndráma atá bunaithe ar an gcaoineadh faoi stiúrthóir Sasanach. Baintear leas as foirmeacha turgnamhacha scannánúla le leanúnachas a mhaíomh idir gaolta stairiúla coilíneacha in Éirinn agus gaolta cumhachta sa tsochaí chomhaimseartha i leith na polaitíochta agus an chultúir. Trí struchtúr casta ina lonnaítear téacs béaloideasúil laistigh de scannán laistigh de dhráma laistigh de scannán, cuireann an scannán ceisteanna faoi phróisis idirghabhála i dtaca leis an stair agus an chultúir os comhair an lucht féachana.

Díríonn an scannán *An Scéalaí Deireanach?/The Last Storyteller?* (Des Bell, 2002) ar obair an bhailitheora iomráitigh béaloidis, Seán Ó hEochaidh, a bhailigh béaloideas do Choimisiún Béaloideasa Éireann ina cheantar dúchais i nGaeltacht Thír Chonaill idir

na 1930í agus na 1950í. Cuireann Bell síos ar an saothar mar 'fhaisnéis taibhléiritheach' a bhaineann leas as scannáin chartlainne agus as reacaireacht le léargas 'fíor-fhicsean' a thabhairt ar obair agus thaithí Uí Eochaidh, ar roinnt de na scéalta béil a bhailigh sé agus ar an *milieu* cultúrtha as ar eascair siad:

> *The Last Storyteller?* is not a nostalgic lament for an eclipsed oral tradition and the 'folk society' which engendered it. Its engagement with gaelic alterity, signalled through the vernacular voice-over and its focus on the practice of storytelling even as it tells a story, escapes the clutches of romantic fictionalising and irredentist nationalist longings. In performing an act of historical salvage with regards a premodern, celtic moral economy, it is intended to provide a critical imagining of a postcolonial and postcapitalist world (Bell 2004: 97).

Scannáin shaibhre shuimiúla iad an dá scannán, a aimsíonn bealaí cruthaitheacha le dul i ngleic le dioscúrsaí an bhéaloidis agus dioscúrsaí i leith an bhéaloidis trí mheán na scannánaíochta. Is baolach, áfach, nach n-éiríonn le scannáin suite laistigh de sheánraí agus de ghluaiseachtaí criticiúla lucht féachana ginearálta a mhealladh in Éirinn ná go hidirnáisiúnta, go háirithe nuair is scannáin Ghaeilge iad. Is deacair lucht féachana leathan a mhealladh le scannáin bheo-aicsin a imíonn rófhada ó choinbhinsiúin an chineama cheannasaigh, a bhfuil cóid an réalachais lárnach inti. Más cleachtas taibhléiritheach é an cultúr béil a bhfuil an iolarthacht mar lárchuid de, feidhmíonn scannáin réalaíocha chun iad féin a chur i láthair mar scáthánú ar an saol seachas mar láithriú de. Trí theicnící agus struchtúr an scannáin réalaíoch, a chuireann a phróisis idirghabhála faoi cheilt, dealraíonn sé go bhfuil an scéal á insint féin, agus oibríonn *verisimilitude* an réalachais, a chuireann cuma na fírinne ar a chuid léirithe, in aghaidh tuiscintí iolarthacha. Ba dheacair don scannán réalaíoch forléargais a thabhairt ar an gcultúr béil nach mbeadh ag teacht salach ar fheidhmeanna agus ar dhinimicí an bhéaloidis féin.

Sa chomhthéacs seo, seans gur tráthúil tagairt a dhéanamh do *Darby O'Gill and the Little People* (Robert Stevenson 1959), scannán beo-aicsin de chuid Disney. Scannán

fantaise rómánsach is ea *Darby O'Gill* lonnaithe sa mhodh réalaíoch. Bhí rún ag Disney scannán a dhéanamh bunaithe ar bhéaloideas na hÉireann ó na 1940í; chuaigh Disney i gcomhairle le Coimisiún Béaloideas Éireann agus le stiúrthóir an Choimisiúin, Séamus Ó Duilearga, le hábhar an scannáin a roghnú agus a fhorbairt (Tracy 2010). Ar deireadh, áfach, roghnaíodh scannán a dhéanamh bunaithe ar chnuasach scéalta *Darbie O'Gill and the Good People* scríofa ag an nGael-Mheiriceánach Hermione Templeton Kavanagh i 1903. Sa leagan scannánúil den scéal, fuadaíonn rí na leipreachán, an Rí Brian, Darby O'Gill; bíonn idir shúgradh agus dáiríre ar bun eatarthu agus iad ag iarraidh bob a bhualadh ar a chéile le teann glicis. Cuidíonn an Rí Brian le Darby (ar bhealach droim-ar-aghaidh, dar ndóigh) nuair a dhéanann an bhean sí iarracht iníon Darby a thabhairt léi sa chóiste bodhar. Tagann Darby agus Katie slán ar deireadh agus cuirtear clabhsúr sona sásúil leis an scéal. Ina léirithe ar na carachtair dhaonna, na carachtair bhéaloideasúla agus ar shaol agus sochaí na hÉireann, is sárshampla é *Darby O'Gill* d'fhorléargas stéiréitíopach a eascraíonn as an bprimitíbheachas rómánsach, forléargas a neartaíodh i go leor scannán Hollywood a dhírigh ar chultúr agus ar phobal na Gaeilge.

Foirm na Beochana agus an Traidisiún Béil

Díol spéise gur scannán beo-aicsin é an t-aon mhórscannán le Disney a bhí bunaithe ar scéalaíocht bhéil na hÉireann. Samhlaítear Disney go láidir le leaganacha scannánúla den scéalaíocht bhéil – go háirithe scéalta béil ón Eoraip ar cuireadh friotal an rómánsachais orthu *á la* Grimm agus bailitheoirí eile – agus iad curtha i láthair trí fhoirm na beochana, dírithe ar pháistí. Ghlac Disney seilbh chomh docht ar fhoirm na beochana i dtionscal domhanda na scannánaíochta, agus ar láithriú seanscéalta tríd an seánra céanna, go samhlaítear an fhoirm go coitianta le Disney agus lena léargais ar sheanscéalta. Is fiú súil chriticiúil a chaitheamh ar bheochana Disney agus ar an léargas a thugtar ann ar sheanscéalta a d'eascair ón traidisiún béil. Laistigh

de léann na beochana, luaitear cur chuige Disney mar cheann a dhírigh ar shiamsaíocht a tháirgeadh trí ghréasán tionsclaíoch (Wells 2002: 20), rud nár bhain le foirm na beochana trí chéile. I dtaca le scannáin Disney bunaithe ar an tseanscéalaíocht, dar le Wells go bhfuil aistriúchán agus institiúidiú na scéalta le brath iontu:

> Ironically, this echoes the institutionalisation of fairy tales *per se* within the literary traditions of most Western cultures, sanitising and expurgating much of the 'adult' form in the spirit of preparing the tales for the child's nursery. With these translations came a canonisation of particular tales; an emphasis on illustration; narrative resolution in support of socio-cultural orthodoxies; and in general, a denial of the oral tradition (Wells 2002: 63).

Is suntasach nárbh ionann an scéal sin i leith thraidisiún béil na hÉireann. Cé go ndearnadh institiúidiú áirithe ar an traidisiún trí dhioscúrsaí agus gníomhaíochtaí an Stáit, mhair an traidisiún cultúrtha, agus na tuiscintí agus cleachtais ina leith, mar 'úinivéars siombalach na Gaeilge' (Ó Crualaoich 1988: 14) i measc cuid dá pobal. Is tábhachtach cuimhneamh freisin nach ionann saothar cartún Disney agus traidisiún na beochana; luann Wells gné láidir de thraidisiún na beochana, go háirithe san Eoraip agus san Áise, a tharraing ar theicnící na healaíne le scannáin bheoite a chruthú a léirigh traidisiúin dhúchasacha, idir thraidisiúin ealaíonta agus chultúrtha (Wells 2002: 33-4). Le roinnt blianta anuas, tá athbheochan na foirme le brath agus scannáin bheoite ag teacht ar an bhfód dírithe ar lucht féachana fásta agus/nó ar cheisteanna maidir le cultúir agus sochaithe comhaimseartha. Díol spéise mar sin is ea an fadscannán beoite *Song of the Sea*/*Amhrán na Mara* (Tomm Moore, 2014). Dírithe ar théamaí agus ar eilimintí cultúrtha ón traidisiún béil, baineann an scannán leas as foirm na beochana le hathfhrámú cruthaitheach a dhéanamh ar na gaolta idir traidisiún agus comhaimsearthacht, idir mionteangacha agus mórtheangacha, idir an logántacht agus an uilíocht.

Song of the Sea/Amhrán na Mara

Scannán beoite lámhtharraingte is ea *Song of the Sea,* bunaithe ar scéalta agus móitífeanna béaloideasúla, go háirithe ar scéal agus móitíf na banróine. Lonnaithe i dtréimhse chomhaimseartha, díríonn an scéal ar Bhrónagh, Conor agus a gclann. Osclaíonn an scannán le híomhá den teach solais ina gcónaíonn an chlann agus Conor mar bháirseoir air. Feictear Brónagh, atá torrach, agus a mac Ben ag péinteáil múraí ar sheomra an linbh nua, múrach a bhfuil rónta mar théama inti. Míníonn Ben na múraí dá athair; insíonn sé scéal na banróine, faighte óna mháthair, do Conor. Buaileann tragóid an chlann nuair a chaillteár Brónagh, de réir cosúlachta, agus an leanbh ag teacht ar an saol. Díríonn croí an scannáin ar scéal na clainne tréimshe i ndiaidh na tragóide; sé bliana níos déanaí, is léir go bhfuil Conor cráite mar gheall ar an mbris. Tá teannas idir Ben agus a dheirfiúr bhalbh, Saoirse, Ben ag cur milleáin ar Shaoirse as imeacht a mháthar. Tógann seanmháthair na bpáistí léi iad go Baile Átha Cliath in aghaidh a dtola. Is ag an bpointe sin go bhfoghlaimíonn Ben (agus an lucht féachana) gur banrón í Saoirse, an bhanrón dheireanach arb í an t-aon neach í ar féidir an slua sí, atá faoi gheasa ag an gcailleach oíche Macha, a scaoileadh saor. Éalaíonn an bheirt le filleadh abhaile agus an clóca róin a aimsiú; bíonn eachtraí éagsúla acu le baill den slua sí ar an aistear. Faoi dheireadh, sroicheann siad an baile. Cuireann Saoirse a clóca uirthi, agus tagann a glór chuici; canann sí 'Amhrán na Farraige', amhrán na banróine a scaoileann saor an slua sí. Tagann Brónagh chuig an gclann mar rón bán agus insíonn dóibh go bhfuil an slua sí ar tí fágáil. Cinneann Saoirse fanacht lena clann dhaonna agus éiríonn leis an gclann suaimhneas a bhaint amach ar deireadh.

Bhí rath áirithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar *Song of the Sea*; ainmníodh é do ghradam *Academy* mar an fadscannán beoite ab fhearr. Ar leibhéal amháin, is scannán simplí fantaise dírithe ar an aos óg atá ann, ar féidir leis dul i bhfeidhm ar lucht féachana ginearálta gan aon eolas ná cur amach aige ar an mbéalóideas ná ar thraidisiún béil na hÉireann. Fanann eilimintí den phlota agus den struchtúr gar

don scannán beoite coinbhinsiúnach leis an bhfócas ar an gclann agus ar ghéarchéim a fheidhmíonn mar bhunús an scéil agus na hinste. Tá gnéithe éagsúla foirmiúla agus eile le brath sa scannán, áfach, atá comhbháúil le struchtúr agus feidhm an traidisiúin bhéil, agus a leagann béim ar an ngaol idir traidisiúin chultúrtha dhúchasacha agus an cultúr comhaimseartha. Neamhchosúil le foirm thionsclaíoch na beochana, áfach, is scannán lámhtharraingte é *Song of the Sea* a bhfuil aesteiticí na healaíne chun tosaigh ann. Seachas modh réalaíoch, is stíl eispriseanaíoch a úsáidtear sa scannán. Leagann an stíl ealaíonta béim ar stádas an scannáin mar ealaín agus cuireann ar ár súile dúinn gur insint ealaíonta atá ar bun ann. Sa chiall sin, tá comóntacht idir foirm agus cur chuige an scannáin agus foirm na scéalaíochta béil, iad mar ealaíona inste araon. I gcodarsnacht leis an modh réalaíoch a chuireann *verisimilitude* i bhfeidhm, déanann stíl eispriseanaíoch agus foirm bheoite *Song of the Sea* coincheap Gramscieach an chultúir bhéil a éascú, mar fhoirm iltaobhach iolarthach ar féidir léamhanna iomadúla a dhéanamh air agus a bhaint as.

Dar le Luthi, '[t]he folktale … does not require one's belief in the physical reality of the story told; indeed, it prohibits such belief … it does not explain or interpret, it merely portrays. … A folktale can be interpreted, but any single interpretation will impoverish it and will miss what is essential' (1982: 92-94). Is féidir roinnt de na léamhanna iomadúla a bhaineann le scéal na banróine sa traidisiún béil a bhaint as an bhfoirm scannánúil a chuirtear os ár gcomhair in *Song of the Sea*: insint ar ghaolta clainne; ar choimhlintí pearsanta agus idirphearsanta agus ar réiteach na gcoimhlintí sin; ar chúrsaí báis agus bris; ar ghaolta idir na beo agus na mairbh, idir an saol seo agus an saol eile, idir an domhan ábhartha agus domhan na samhlaíochta agus na cuimhne. Éiríonn leis an scannán ceisteanna a thógáil maidir leis an ngaol idir an cultúr traidisiúnta béil agus an cultúr comhaimseartha laistigh den fhráma seo leis. Agus an slua sí ag imeacht, deir Brónagh le Ben gur féidir leis cuimhneamh uirthi trí na scéalta agus na hamhráin a roinn sí leis. Mura bhfuil

rochtain dhíreach ar thraidisiún an chultúir bhéil sa tsochaí chomhaimseartha, tá pointí teagmhála beo i gcónaí sa chultúr trínar féidir breith ar eilimintí den chultúr traidisiúnta.

Ionad na Gaeilge in Song of the Sea/Amhrán na Mara

Ní haon smaoineamh ná dearcadh úr é go mbeadh ceol, amhránaíocht agus scéalaíocht thraidisiúnta na hÉireann mar innéacs ar an gcultúr traidisiúnta béil. De réir mar a tháinig meath ar an nGaeilge mar theanga phobail, agus mar theanga a raibh cumas ag muintir na tíre í a thuiscint, mhéadaigh tábhacht siombalach an cheoil agus na hamhránaíochta mar innéacs d'fhéiniúlacht Éireannach/Ghaelach. Má bhí an pobal scoite ón scéalaíocht ceal Gaeilge, d'fhéadfaí an ceol agus an amhránaíocht a chleachtadh agus sult a bhaint astu gan chumas sa teanga de dhíth. I bhfianaise a bhfuil pléite sa pháipéar seo, tuigtear gur gné den chultúr béil agus de úinivéars siombalach na Gaeilge í an amhránaíocht dúchais, í ag insint scéalta béaloideasúla i bhfoirm amhrán. Trí amhráin Ghaeilge a chur i láthair gan aird a thabhairt ar an teanga ná ar an gcomhthéacs as a n-eascraíonn siad, is deacair gan faillí a dhéanamh ar bhrí iomlánaithe an téacs. Is minic a fheidhmíonn ceol agus amhránaíocht Ghaelach mar innéacs féiniúlachta Éireannaí i bhforléargais scannánúla agus eile; i gcás na hamhránaíochta Gaeilge, is iondúil nach dtugtar mórán suntais do bhrí na bhfocal, an Ghaeilge ag feidhmiú mar innéacs an andúchais rómánsaigh laistigh de mháistirtheanga na hinste. Má tá tábhacht ag brí na bhfocal ó thaobh na hinste de, is gnách iad a aistriú nó a mhíniú.

I measc na ngnéithe is suntasaí de *Song of the Sea/Amhrán na Mara* tá an cur chuige i leith na Gaeilge. Tá idir leagan Béarla agus leagan Gaeilge den scannán ar fáil, ach lucht féachana níos leithne ag an leagan Béarla (ba é an leagan Béarla a taispeánadh sna pictiúrlanna, srl). Imríonn an amhránaíocht dúchais ról tábhachtach sa scannán

agus san insint féin. Luaitear an ceol leis an slua sí, a fheidhmíonn sa scannán mar mheafar don chultúr traidisiúnta. Nuair a thagann Saoirse agus Ben ar bhaill den slua sí den chéad uair, tosaíonn an slua ag casadh agus ag canadh 'Dúlamán na Binne Buí', amhrán a bhfuil cur amach ag Ben air, é tógtha aige óna mháthair a mhínigh dó gur amhrán de chuid an tslua sí é. Is trí amhrán na banróine a chanadh a dhéanann Saoirse an slua sí a scaoileadh saor; is geall le hortha iad focail an amhráin, agus an neart acu an gheis atá ar an slua sí a chealú. Amhrán traidisiúnta is ea 'Dúlamán'; cumadh 'Amhrán na Farraige' don scannán. I gcás an dá amhrán, áfach, fágtar na focail gan aistriú gan mhíniú sa leagan Béarla den scannán. Ní mar shiombail dhromchlach a chuirtear an Ghaeilge i láthair, ach mar theanga an chultúir dhúchais bhéil, an teanga agus an cultúr fite fuaite lena chéile. Tríd an gcur chuige agus an gcur i láthair seo, is féidir a áiteamh go seasann *Song of the Sea* le smaointeoireacht Gramsci agus scoláirí eile a léiríonn an dlúthbhaint idir cultúr agus teanga, a chuireann ar ár súile dúinn gur gá suntas a thabhairt do chultúr na teanga agus do theanga an chultúir araon le forléargas substaintiúil a thabhairt ar ghnéithe cultúrtha nach athchonstráidiú ná aistriúchán é.

Má fheidhmíonn an scéalaíocht agus an amhránaíocht dhúchais mar thairseach trínar féidir rochtain a fháil ar thraidisiúin chultúrtha, cuirtear béim ar lárnacht theanga an chultúir sa phróiseas rochtana sin. Ar an mbonn sin, d'fhéadfaí a éileamh gurb í an Ghaeilge máistirtheanga na hinste in *Song of the Sea*, cé go bhfuil leagan Béarla de ar fáil ar mhaithe le sothuigtheacht do lucht féachana ginearálta. Tuar beag ar chumas an chur chuige sin fiosracht agus suim a spreagadh, b'fhéidir, an téacs réamhaithriseach a thagann aníos ar 'Google' nuair a chuirtear teideal an scannáin nó an focal 'dúlamán' isteach air – is léir go bhfuil go leor cuardach ar bun maidir le liricí an dá amhrán agus ar céard is brí leo.

Conclúid

Tá spléachadh tugtha anseo ar ghnéithe den chultúr béil, idir eilimintí agus dinimicí éagsúla a bhaineann leis agus ar an deighilt idir an cultúr béil mar chultúr agus cuimhne na coitiantachta agus sainmhínithe de ag eascairt as dioscúrsaí an phrimitíbheachais rómánsaigh. Breathnaíodh ar na dúshláin a bhaineann le láithriú an chultúir bhéil trí fhoirm na scannánaíochta agus ar na deacrachtaí a bhaineann le léargas comhthéacsúil ar an mbéaloideas a chur chun cinn agus lucht féachana leathan a mhealladh san am céanna. Má tá foirm na beochana samhlaithe le leaganacha den scéalaíocht cruthaithe ag Disney, tá traidisiúin eile, a leagann béim ar stádas na beochana mar fhoirm ealaíne le brath san fhoirm fosta. Féachadh ar *Song of the Sea*/*Amhrán na Mara* mar scannán a dhéanann cleamhnas áirithe idir foirm na beochana agus foirmeacha an chultúir bhéil mar fhoirmeacha ealaíne a bhfuil an insint mar lárchuid díobh agus a bhfuil idir shiamsaíocht agus ráitis shuntasacha faoin saol ag a mbun. Má tá iolarthacht mar eilimint den chultúr béil, éiríonn le *Song of the Sea* an iolarthacht a léiriú leis: feidhmíonn sé mar scannán fantaise do pháistí, ach ag an am céanna, déanann sé gaolta a léiriú agus a éileamh idir an cultúr béil agus an cultúr comhaimseartha. Cuireann sé in iúl gur tairseach nó eochair í an Ghaeilge lenar féidir rochtain a fháil ar thraidisiúin dhúchais chultúrtha na tíre, agus go dtig leis an rochtain sin cultúr agus taithí ár linne féin a athfhrámú agus a shaibhriú.

Saothair a Ceadaíodh

Bell, Desmond. 'Telling Tales: Narrative, Evidence and Memory in Contemporary Documentary Film Practice'. *Keeping it Reel: Irish Film and Television.* Eag. Ruth Barton & Harvey O'Brien. Baile Átha Cliath: Wallflower, 2004: 88-99.

Bourke, Angela. 'More in anger than in sorrow: Irish women's lament poetry'. *Feminist messages: coding in women's folk culture.* Eag. Joan Newlon Radner. Urbana: University of Illinois Press, 1993.

Gabriel, Teshome. 'Third Cinema as Guardian of Popular Memory: Towards a Third

Aesthetics'. *Questions of Third Cinema.* Eag. Jim Pines & Paul Willemen. London: BFI, 1989: 53-64.

Luthi, Max. *The European Folktale: Form and Nature*. Aist. John D. Niles. Bloomington: Indiana University Press, 1982.

Ó Crualaoich, Gearóid. 'Máirtín Ó Cadhain agus Dioscúrsa na Gaeilge'. *Comhar*, 47 (12),1988: 12-21.

--- 'The Merry Wake'. Eag. J.S. Donnelly & K. Miller. *Irish Popular Culture 1650-1850.* Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1999: 198-99.

Ó Crualaoich, Gearóid & Diamuid Ó Giolláin. 'Folklore in Irish Studies'. *The Irish Review*, 5, 1988: 68-74.

Ó Laoire, Lillis. *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2002.

Radner, Joan & Landser, Susan. 'The Feminist Voice: Strategies of Coding in Folklore and Literature'. *The Journal of American Folklore*, 100 (398), 1987: 412-425.

Tracy, Tony. 'When Disney Met Delargy: Darby O'Gill and the Irish Folklore Commission'. *Béaloideas: Journal of the Irish Folklore Society*, 78, 2010: 50-59.

Wells, Paul. *Animation: Genre and Authorship*. London: Wallflower, 2002.